View in browser

26 Bealtaine 2022

# Scéal, Scéal, Scéal...

- Scéilíní, nuaíocht agus fógraí as Cois Fharraige -

Eagrán 98







## GLANADH SUAS AN SPIDÉAL

Tá teacht le chéile á reáchtáil ag Coiste Bhaile Slachtmhar an Spidéil ar an Satharn 28ú Bealtaine leis an sráidbhaile, an cósta agus tránna an cheantair a ghlanadh. Tá fáilte roimh mhuintir na háite teacht ag an tSean Céibh am ar bith idir 8 r.n. – 4 i.n. ar an lá le lámh chúnta a thabhairt. Cuirfear miotóga agus málaí ar fáil. Más féidir le daoine a gcuid fearais féin a thabhairt leo, ba mhór an chabhair é.

## CEARDLANN D'FHOGHLAIMEOIRÍ LE FIGHTING WORDS

Beidh ceardlann sa scríbhneoireacht chruthaitheach á reáchtáil ag *Fighting Words* i gcomhpháirt le Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga ar an Déardaoin 9ú Meitheamh @ 7:30 in Inis Fáil, An Spidéal. Tugann *Fighting Words* deis do dhaoine scéalta cruthaitheacha a chumadh agus a scríobh ar bhealach taitneamhach agus spraíúil. Is féidir clárú don imeacht ach teagmháil a dhéanamh le Katie ag 083 010 6294

## FOLÚNTAS DO CHÚNTÓIR SIOPA

Tá **Comharchumann Shailearna Teo.** ag lorg duine cruthaitheach do phost páirtaimseartha samhraidh mar Chúntóir Siopa. Beidh an té a éiríonn leis/léi ag

obair sa siopa ar an gCnoc trasna an bhóthair ón séipéal. 19.5 uair in aghaidh na seachtaine a bheas ar fáil, ar an Déardaoin, Aoine agus Satharn. Caithfidh Gaeilge líofa a bheith ag an té a bheas ag obair sa siopa. Is féidir tuilleadh eolais a fháil faoi shonraí an phoist tré ríomhphost a sheoladh chuig sailearna@gmail.com Ba cheart litir iarratais chomh maith le CV a sheoladh roimh 5 i.n. ar an gCéadaoin 8 Meitheamh 2022 chuig An Bainisteoir, Comharchumann Shailearna, Na hAille, Indreabhán, Co. na Gaillimhe.

## CIORCAL COMHRÁ CHOIS FHARRAIGE

Tháinig **Ciorcal Comhrá Chois Fharraige** le chéile don chéad uair i mbliana le gairid. Club Foghlaimeoirí Gaeilge Chois Fharraige, le tacaíocht ó Údarás na Gaeltachta agus Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga atá ina bhun. Tagann an grúpa le chéile ag oifigí na pleanála teanga in Inis Fáil, An Spidéal chuile Chéadaoin @ 7i.n. Tá fáilte roimh chách!

## CEOLTÓIRÍ ÓGA CHOIS FHARRAIGE SA BHFLEADH CHEOIL

Chuir muintir Bhéal Átha na Sluaighe fáilte roimh cheoltóirí agus chuairteoirí le gairid do Fhleadh Cheoil na Gaillimhe - don chéad uair le trí bliana anuas! Bhí toscaireacht dheas ann ó Chois Fharraige idir Banna Céilí Loch Lurgan i gcomórtas na mbannaí chomh maith le Róisín agus Caitríona Ní Raifeartaigh, Éamonn Ó Ceallacháin, Damhnait agus Déithín Ní Fhátharta agus Ruadhán Ó Fátharta sna comórtais aonair. Ghnóthaigh Damhnait Ní Fhátharta duais sna hamhráin agus sa gcláirseach agus ghnóthaigh a deirfiúr Déithín sna comórtais tionlacain agus pianó. D'éirigh thar cionn le Ruadhán Ó Fátharta i gcomórtas an bhainseó agus tá an triúr acu cáilithe anois do Fhleadh Cheoil Chonnacht a bheas ar siúl i Sligeach ag deireadh na míosa seo chugainn. Comhghairdeachas a chairde, agus go n-éirí go geal libh ag an gcéad babhta eile.

## CAIRDE AR AN BPEANN

Chuir daltaí dara bliana tús leis an togra '**Cairde ar an bPeann'** i mí Márta. Scríobh siad litreacha chuig daltaí i bPobalscoil Chorca Dhuibhne i gContae Chiarraí. Bhí áthas orthu nuair a fuair siad litreacha ar ais le léamh. Roinn siad eolas leo maidir le ceantar Chois Fharraige, eolas faoin scoil, faoi na caitheamh aimsirí éagsúla atá acu agus go leor eile. Is cinnte gur taithí iontach a bhí anseo do dhaltaí na scoile agus chur siad lena dtuiscint ar chanúint Chorca Dhuibhne.

## GAELCHARA CHOIS FHARRAIGE

Tá an scéim **Gaelchara** á reáchtáil ag Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga arís i mbliana. Tá foghlaimeoirí Gaeilge, agus cainteoirí líofa Gaeilge ag teastáil le páirt a ghlacadh sa scéim. Ní mór go mbeadh cónaí ar na rannpháirtithe sa limistéar - ó Na Forbacha go Ros an Mhíl, agus ní féidir gaol fola nó pósta a bheith idir na rannpháirtithe atá ag tabhairt faoi le chéile. Oibreoidh an foghlaimeoir agus an cainteoir líofa in éindí lena chéile leis an nGaeilge a úsáid níos minicí sa mbaile agus sa bpobal. Bronnfar €250 an duine ar an fhoghlaimeoir agus ar an meántóir ag deireadh na scéime. Le páirt

a ghlacadh sa scéim, nó le breis eolais a fháil, déan teagmháil le optchois [fharraige@gmail.com](mailto:fharraige@gmail.com) Féadfaidh beirt - foghlaimeoir agus cainteoir líofa - comh-iarratas a dhéanamh nó is féidir le daoine aonair iarratais aonair a dhéanamh. Bí i dteagmháil!!







## CAMPA SCRÍBHNEOIREACHTA AR LÍNE DO DHAOINE ÓGA

Tá sé fógartha ag *Fighting Words Chonamara* agus ag **Bord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin** go mbeidh Campa Samhraidh sa Scríbhneoireacht Chruthaitheach do dhéagóirí á thairiscint acu faoin scéim Comhpháirtíochtaí Áitiúla Óige Ildánach (CAOI). Beidh an campa ar siúl ar Zúm agus díreofar ar ghnéithe éagsúla den scríbhneoireacht gach tráthnóna Máirt ar feadh sé seachtaine agus fáilteofar roimh iarrthóirí idir 13 -17 bliain d'aois. Is trí Ghaeilge ar fad a bheidh an campa. Deis iontach a bheas ann do chuid cruthaitheachta a fhorbairt agus aithne a chur ar scríbhneoirí óga eile. Cuirfear tús leis an gcúrsa ar an Máirt 31 Bealtaine @ 5-6:30i.n. Is féidir foirm iarratais a fháil anseo.




## FEASTA 2022

Tá an leagan is déanaí den iris **Feasta** foilsithe agus tá roinnt cóipeanna ar fáil ó oifigí An Fhóraim in Inis Fáil sa Spidéal. Pléitear smaointeoireacht Éireannach - idir litríocht, polaitíocht agus eolaíocht. Tá léirmheas ó Bhreandán Ó Cróinín ann ar *'Súil an Daill'* le Darach Ó Scolaí, alt ó Dhaithí Mac Cárthaigh maidir le stádas na Gaeilge agus neart eile nach iad. Is féidir cóip a a bhailiú ón oifig nó teagmháil a dhéanamh le Katie ag 083 010 6294.

## MÁIRTÍN O' CONNOR AR AN SPIDÉAL

Beidh ceolchoirm ar leith ar bun i Stiúideo Cuan sa Spidéal ar an Aoine agus an Satharn seo, nuair a bheas an sár-bhoscadóir as Gaillimh, Máirtín O'Connor ag casadh ann. Beidh Cathal Hayden ar an bhfidil agus Seamie O'Dowd ar an ngiotár ag casadh in éindí leis. Moltar ticéid a cheannach roimh ré le cinntiú go mbeidh spás agat! Is féidir ticéad a cheannach anseo. Seo an cheolchoirm dheiridh sa sraith reatha, sraith a raibh an-rath uirthi.

Ba mhaith liom go gcuirfí ar an liosta teagmhála mé.

Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga CTR

Inis Fáil, An Spidéal, Co. na Gaillimhe
H91 X63V

083 010 6294

Muna mian leat cóip den nuachtlitir seo a fháil, seol teachtaireacht chuig optchoisfharraige@gmail.com agus bainfear den liosta poist thú.

Ba mhaith liom m'ainm a bhaint ón liosta

SENT BY mailer lite